**Fógra Folúntais don phost mar**

**Chúntóir Airgeadais (Grád AST3)**
**i Roinn Riaracháin**

**na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh**

**TAG.: ACER/2016/17**

| | |
|---|---|
| **Foilsiú** | **Seachtrach** |
| **Teideal na Feidhme** | **Chúntóir Airgeadais** |
| **Máthair-Ard-Stiúrthóireacht / Seirbhís** | DG ENER (BXL) |

******

## 1. MAIDIR LINN

Is comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh é an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht'), a bunaíodh de réir dlí le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009[1] agus atá i bhfeidhm ó bhí 2011 ann. Bunaithe i Liúibleána (an tSlóivéin), tá ról lárnach ag an ngníomhaireacht chun margaí an AE sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha a léirscaoileadh.

Is é is aidhm leis an nGníomhaireacht cúnamh a thabhairt d'Údaráis Náisiúnta Rialála (NRAnna) chun na tascanna rialála a chuireann siad i gcrích sna Ballstáit a chur i ngníomh ar leibhéal an Aontais, agus a gcuid gníomhartha a chomhordú, más gá.

Chuige sin, déanann an Ghníomhaireacht:

a) Obair na NRAanna a chomhlánú agus a chomhordú;
b) Páirt a ghlacadh i rialacha do ghréasáin Eorpacha a chruthú;
c) I gcúinsí áirithe, cinntí ceangailteacha aonair a ghlacadh maidir leis na téarmaí agus coinníollacha i ndáil le rochtain agus slándáil oibríochtúil i gcás bonneagair trasteorann;

[1] Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 (IO L 211 14.8.2009, lch. 1)

d) Comhairle a chur ar institiúidí an AE maidir le ceisteanna a bhaineann le leictreachas agus gás nádúrtha;
e) Monatóireacht ar mhargaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha agus tuairisciú ar na torthaí a fhaightear.

Is iad na príomhréimsí ar a bhfuil gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta dírithe:

- tacú le comhtháthú margaidh Eorpach: den chuid is mó, déantar é sin trí rialacha comhchoiteanna gréasáin agus margaidh a fhorbairt, chomh maith le tionscnaimh réigiúnacha a chomhordú, sin iarrachtaí praiticiúla a dhéanann rannpháirtithe sa mhargadh chun dul i dtreo tuilleadh comhtháthaithe,

- comhairle a chur ar institiúidí an AE maidir le ceisteanna a bhaineann leis an mbonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach: eisíonn an Ghníomhaireacht tuairimí ar phleananna forbartha deich mbliana lena chinntiú go bhfuil siad sin ar aon dul leis na tosaíochtaí a leagtar síos ar leibhéal an AE,

- monatóireacht ar mhargaí fuinnimh: tá misean ginearálta ag an nGníomhaireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí ar leibhéal an AE, agus ó dheireadh 2011, tá freagracht an-sonrach uirthi chun maoirseacht a dhéanamh ar thrádáil mhórdhíola fuinnimh.

Tugadh isteach rialacha nua le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2012 maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Mórdhíola Fuinnimh (REMIT) lena dtoirmisctear cleachtais droch-úsáide a dhéanann difear do mhargaí mórdhíola fuinnimh. Leagtar dualgas ar ACER faoi REMIT na sonraí idirbhearta agus bunsonraí is gá chun monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh a bhailiú, i ndlúthchomhar leis na hÚdaráis Rialála Náisiúnta, chun drochúsáid margaidh a bhrath agus a dhíspreagadh.

Tá 80 ar fhoireann na Gníomhaireachta faoi láthair agus buiséad bliantúil de €15.8 milliún formheasta do 2016. Tá ceithre roinn inmheánacha sa Ghníomhaireacht (leictreachas, gás, monatóireacht ar an margadh agus riarachán) agus Oifig an Stiúrthóra.

Tá an Ghníomhaireacht lonnaithe i Liúibleána (an tSlóivéin)

## 2. AN TAIRISCINT

Tá an Ghníomhaireacht ag lorg Cúntóir Airgeadais a bheidh ag obair i Roinn Riaracháin na Gníomhaireachta agus a bheidh freagrach do Cheann na Roinne Riaracháin. Cuirfidh an Cúntóir Airgeadais na dualgais seo a leanas i gcrích:

- Idirbhearta airgeadais a údarú a shanntar mar oifigeach údaraithe tarmligthe;
- Idirbhearta a thionscnamh agus/nó a fhíorú (e.g. gealltanais, sonraisc, íocaíochtaí díreacha, orduithe gnóthaithe, tabhairt chun rialtachta);
- Orduithe misin a sheiceáil agus a phróiseáil de réir na rialacha is infheidhme;
- Déileáil le clárúchán agus dáileachán sonrasc go fíoraitheoirí oibriúcháin;

- Dul i dteagmháil le fíoraitheoirí oibriúcháin maidir le ceisteanna airgeadais;

- Uirlis airgeadais na Gníomhaireachta a úsáid, a chothabháil agus oiliúint a thabhairt do dhaoine eile;

- Foirmeacha aitheantais airgeadais agus foirmeacha eintitis dhlíthiúil a phróiseáil, a chothabháil agus a nuashonrú i gcomhréir le rialacha airgeadais na Gníomhaireachta;

- Tacú le húsáid an bhuiséid a mhonatóiriú agus a rialú;

- Cúnamh a thabhairt maidir le bliain airgeadais na Gníomhaireachta a oscailt agus a dhúnadh;

- Taifid airgeadais a choinneáil cothrom le dáta;

- Dul i dteagmháil leis an gcill Soláthair maidir le saincheisteanna conartha agus uirlisí;

- Comhlíonadh le Rialacháin Airgeadais agus rialacha, iniúchtaí agus riachtanais a bhaineann le rialú inmheánach/reachtúil/rialála;

- Gníomhú mar phointe teagmhála maidir le ceisteanna airgeadais agus scaipeadh na faisnéise ábhartha a éascú laistigh den fhoireann Riaracháin, i measc na Roinne agus laistigh den Ghníomhaireacht

- Tabhairt faoi aon dualgais eile de réir mar a éilítear ar son leas na seirbhíse.

D'fhéadfaí iarraidh ar an gCúntóir Airgeadais ó am go chéile cabhrú le réimsí eile oibre na Gníomhaireachta, de réir riachtanas agus tosaíochtaí, de réir mar a bheartaíonn agus a shocraíonn Ceann na Roinne Riaracháin agus an tOifigeach Sinsearach Riaracháin – Ceann Foirne, nó mar a chinneann an Stiúrthóir.

## 3. A bhFUILIMID AG LORG

### A) Critéir incháilitheachta

Measfar go bhfuil iarrthóirí incháilithe don chéim roghnúcháin ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta faoin spriocdháta le haghaidh iarratas:

1. Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn le hiar-mheánoideachais arna dhearbhú ag dioplóma, nuair is trí bliana fad oifigiúil an chúrsa; má tá tréimhse níos giorra ná trí bliana i gceist leis an gcúrsa, tógfar an difear ón taithí ghairmiúil;

   nó

   Leibhéal meánoideachais arna dhearbhú ag dioplóma lena dtugtar rochtain ar iar-mheánoideachais agus taithí ghairmiúil chuí de thrí bliana ar a laghad; nuair a ghlactar lena leithéid de dhioplóma mar mhalairt air sin, tógfar trí bliana ón taithí ghairmiúil;

*(Ní bhreithneofar ach teidil staidéir a bronnadh i mBallstáit an AE nó lena mbaineann deimhniú comhionannais arna n-eisiúint ag údaráis na mBallstát sin).*

2. Eolas críochnúil ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh2 agus eolas sásúil ar theanga eile de na teangacha sin (leibhéal B2) sa mhéid is gá lena chuid/cuid dualgas a chur i gcrích;

3. A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach;

4. A bheith i dteideal a cheart/ceart iomlán mar shaoránach;

5. Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;

6. Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh3.

**B) Critéir roghnúcháin**

Breithneofar na critéir seo a leanas agus an t-iarrthóir á roghnú don phost seo:

Eolas teicniúil

1. Ní mór **taithí ghairmiúil trí (3) bliana ar a laghad, a bhfuil dlúthbhaint aici leis na tascanna atá sonraithe thuas** a bheith faighte ag iarrthóirí faoin spriocdháta d'iarratais, tar éis dóibh na cáilíochtaí atá sonraithe i bpointe 3.A. thuas a bhaint amach[4].

2. Saineolas ar rialacha, nósanna imeachta agus buiséad airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh;

3. Taithí le feidhmiú buiséid, sreafaí oibre gan pháipéar agus cothabháil uirlisí airgeadais;

4. Bheadh taithí le huirlisí bainistíochta airgeadais ar nós ABAC, SAP nó uirlisí eile ábhartha ina bhuntáiste;

5. An cumas chun bogearraí oifige a úsáid (próiseáil focal, scarbhileoga, cur i láthair, cumarsáid leictreonach, an t-idirlíon, etc.);

6. Bheadh taithí leis an Aontas Eorpach, a chuid institiúidí agus próisis chinnteoireachta ina bhuntáiste.

[2] Is iad seo teangacha an AE: Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Portaingéilis, Romainis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis agus Sualainnis.

[3] Sula gceaptar é/í, ní mór don iarrthóir rathúil dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh duine d'oifigigh leighis de chuid na n-institiúidí chun an Ghníomhaireacht a shásamh go ndéanann sé/sí riachtanas Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

[4] Ní chomhairtear taithí ghairmiúil ach amháin ón am a chomhlíonann an t-iarrthóir an critéar incháilitheachta faoi phointe 3.A) 1. thuas. Níos déanaí, iarrfar ar an iarrthóir doiciméid thacaithe a chur ar fáil a dheimhníonn fad agus leibhéal na taithí gairmiúla atá acu.

Scileanna cumarsáide agus scileanna pearsanta eile

7. Béarla scríofa agus labhartha (leibhéal C2[5]) den scoth;

8. Ardchumas anailíseacha agus scileanna réitigh fadhbanna.

9. Ardleibhéal scileanna eagrúcháin agus cumas léirithe chun obair a dhéanamh mar chuid d'fhoireann agus faoi bhrú.

*Tugtar cuireadh d'iarrthóirí míniú gairid a thabhairt sa litir inspreagtha ar na poist ina bhfuair siad an saineolas agus an taithí ghairmiúil sna réimsí sonraithe;*

## 4. ROGHNÚ AGUS CEAPADH

Déanfaidh Coiste Roghnúcháin na hiarratais a mheas agus roghnóidh sé na hiarrthóirí a dhéanann na critéir incháilithe a chomhlíonadh agus is mó a chomhfhreagraíonn do na critéir roghnúcháin. Féachfaidh an Coiste Roghnúcháin le cuireadh a thabhairt do sheisear iarrthóirí ar a laghad agus ochtar iarrthóirí ar a mhéad dul faoi agallamh agus scrúdú scríofa. Ach d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do níos mó iarrthóirí i gcás líon mór iarrthóirí a ghlacann páirt sa nós imeachta roghnúcháin agus a fhaigheann scór ard nó a mhalairt i gcás líon teoranta iarrthóirí incháilithe agus/nó líon teoranta iarrthóirí a chuireann isteach ar an nós imeachta roghnúcháin agus a fhaigheann scór ard.

San agallamh agus sa scrúdú, díreofar ar na nithe seo a leanas:

- Eolas sonrach agus inniúlachtaí de réir na gcritéar roghnúcháin atá leagtha síos sa Ghlao seo ar léiriú spéise;

- Inniúlachtaí ginearálta agus cumas teanga sa mhéid is gá chun na dualgais a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 12.2e de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (CEOS);

- Eolas ar struchtúir chomhlachtaí an AE agus na Gníomhaireachta.

Ullmhóidh an Ghníomhaireacht liosta ionadaithe de na hiarrthóirí is oiriúnaí. I gcomhréir leis an gCinneadh Treorach 2014/006, iarrthóirí a bhaineann amach an marc íosta cáilithe sa tástáil inniúlachta agus san agallamh de 70%, cuirfear ar an liosta ionadaithe iad. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí 31/12/2016. Féadfaidh an Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh síneadh ama a chur le bailíocht an liosta sin.

Cuirfear na hiarrthóirí go léir ar an eolas maidir le toradh an nóis imeachta.

## 5. COMHDHEISEANNA

[5]cf. Leibhéil teanga sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach: http://europass.cedefop.europa.eu/LanguageSelfAssessmentGrid/en

Cuireann an Ghníomhaireacht beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann sí le agus próiseálann sí iarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, a bheith mar chuid de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

## 6. COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Ceapfaidh an Stiúrthóir an t-iarrthóir rathúil mar bhall foirne sealadach den ghrád AST3, de bhun Airteagal 3(f) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (CEOS) ar feadh tréimhse 5 bliana, tréimhse a fhéadfar a athnuachan ar mhaithe le leas na seirbhíse.

### Pá agus sochair leasa

Áirítear i bpá na mball foirne an buntuarastal, liúntais agus sochair eile. Ag brath ar chúinsí teaghlaigh an duine féin agus ar an áit bhunaidh, d'fhéadfadh sealbhóir an phoist a bheith i dteideal do: liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh, liúntas oideachais, liúntas réamhscoile, liúntas suiteála, aisíocaíocht costas aistrithe, liúntas tosaigh cothaithe laethúil agus sochair eile. Tá an tuarastal díolmhaithe ó cháin náisiúnta, agus íoctar cáin an Aontais ag an bhfoinse ina ionad.

| Grád/céim | Riachtanais íosta do rangú i gcéim<br>*(leibhéal riachtanach staidéir ollscoile + líon íosta blianta taithí tar éis an chéim ollscoile a bhaint amach)* | Buntuarastal míosúil | Glantuarastal míosúil, liúntais shonracha san áireamh[6] |
|---|---|---|---|
| Céim 1 AST3 | *Iar-mheánoideachas arna dhearbhú ag dioplóma de 3 bliana ar a laghad nó meánoideachas arna dhearbhú ag dioplóma lena dtugtar rochtain ar iar-mheánoideachas agus taithí ghairmiúil chuí de 3 bliana ar a laghad + 9 mbliana de thaithí ghairmiúil* | EUR 3,507.10 | EUR 3,419.13 |
| AST3 Céim 2 | *Iar-mheánoideachas 3 bliana ar a laghad arna dhearbhú ag dioplóma nó meánoideachas arna dhearbhú ag dioplóma lena dtugtar rochtain ar iar-mheánoideachas agus taithí ghairmiúil chuí de 3 bliana ar a laghad + níos mó ná 9 mbliana de thaithí ghairmiúil* | EUR 3,654.47 | EUR 3,531.44 |

Sochair bhreise:

[6] Meastachán ar an nglantuarastal, lena n-áirítear asbhaint cánach, comhéifeacht cheartúcháin (81.2% faoi láthair) agus slándáil shóisialta, agus na liúntais a chur leis (ríomhadh an meastachán seo leis an liúntas easaoránachta, an liúntas teaghlaigh agus an liúntas linbh chleithiúnaigh). Braitheann na liúntais i gcónaí ar chúinsí pearsanta an iarrthóra.

- An ceart chun dhá lá saoire a ghlacadh in aghaidh na míosa féilire, chomh maith le laethanta breise, ag brath ar aois agus ar ghrád, agus 2.5 lá saoire baile más infheidhme, agus 19 lá saoire ACER ar an meán in aghaidh na bliana;
- Scéim Pinsin an AE (tar éis deich mbliana seirbhíse);
- Cosaint árachais ó thimpiste agus galar ceirde faoi Chomhscéim Tinnis agus Árachais (JSIS) an AE, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil.

## 7. COSAINT SONRAÍ

Cinnteoidh an Ghníomhaireacht go ndéanfar do chuid sonraí a phróiseáil de réir mar is gá faoi Rialachán (CE) Uimh. 45/2001[7] maidir le cosaint sonraí pearsanta.

Ní úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear isteach le linn an phróisis roghnúcháin ach amháin chun na críche sin. Tá an bunús dlí leagtha síos i Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus, go háirithe, in Airteagal 12-15 agus 82-84 de na Coinníollacha Fostaíochta.

Cinnteoidh an Ghníomhaireacht, óna thaobhsa de, go ndéantar sonraí pearsanta an iarrthóra a phróiseáil de réir Rialachán (CE) Uimh. 45/20016 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus saorghluaiseacht na sonraí sin. Ní bheidh rochtain ag aon duine ar na sonraí sin seachas na baill foirne a bhfuil dlúthbhaint acu leis an nós imeachta roghnúcháin atá i gceist. I gcásanna áirithe, cabhróidh saineolaí seachtrach, a bheidh faoi cheangal na bprionsabal céanna maidir le cosaint sonraí, leis an nGníomhaireacht chun iarrthóirí a roghnú.

Nuair a roghnaítear an t-iarrthóir lena chur ar an liosta ionadaithe, stórálfar a c(h)uid sonraí pearsanta ar feadh na tréimhse a bheidh an liosta ionadaithe bailí, agus i gcás iarrthóirí nár earcaíodh, stórálfar an fhaisnéis ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a mhéad. Coimeádfar doiciméid a bhaineann le hiarrthóirí a earcaítear i gcomhad pearsanta an ghníomhaire, a choimeádtar ar feadh deich mbliana tar éis don sealbhóir poist deireadh a chur leis an bhfostaíocht sa Ghníomhaireacht.

Aon pháirtí a chuireann isteach sonraí pearsanta chuig an nGníomhaireacht, tá sé/sí i dteideal na sonraí sin a rochtain agus a cheartú tar éis an spriocdháta d'iarratais, ach tá an ceartú teoranta do shonraí maidir le haitheantas). Más mian leat leas a bhaint as na cearta sin, téigh i dteagmháil leis an oifigeach um chosaint sonraí ag DPO@acer.europa.eu.

Ina theannta sin, tá sé de cheart agat, ag am ar bith, ceist a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

[7] Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 (IO L8 12.1.2001, lch. 1)

## 8. AN NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Lena chinntiú go bhfuil na hiarratais bailí, ní mór d'iarrthóirí:

- curriculum vitae mionsonraithe a chur isteach san fhormáid CV Eorpach **i mBéarla**
- litir chumhdaigh (1 leathanach ar a mhéad) **i mBéarla** ina mínítear an chaoi ina bhfuair siad an t-eolas agus an taithí ghairmiúil sna poist a bhí acu ar na réimsí sonraithe a aithnítear i gCuid 2 den fhógra folúntais poist seo.

Diúltófar d'aon iarratas atá neamhiomlán.

I dteannta an iarratais, iarrtar ar iarrthóirí ainmneacha agus sonraí teagmhála bheirt mholtóirí gairmiúla a sholáthar (is é do mhaoirseoir díreach ordlathach gan ceangal pearsanta is fearr) ar féidir teagmháil a dhéanamh leo chun teistiméireachtaí a fháil.

Ba cheart iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig SELECTIONS-ACER-2016-17@acer.europa.eu agus uimhir thagartha an fhógra folúntais a lua.

**Níor chóir** doiciméid thacaithe (m.sh. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/díoplómaí, cruthúnas ar thaithí, srl.) a sheoladh ag an gcéim seo ach glacfar leo ag céim níos déanaí den nós imeachta má iarrtar iad.

Chun an próiseas roghnúcháin seo a éascú, is i mBéarla a dhéanfar gach cumarsáid le hiarrthóirí maidir leis an bhfolúntas seo.

Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an gcoiste roghnúcháin i gcás ar bith, go díreach ná go hindíreach, maidir leis an bpróiseas earcaíochta seo. Forchoimeádann an t-údarás atá údaraithe chun conradh a chur i gcrích an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhshuim don treoir seo a dhícháiliú.

**Ní mór iarratas a dhéanamh trí ríomhphost faoi 6 Samhain 2016 (23:59 - am Liúibleána).**

**Má fhaightear ag aon chéim den nós imeachta go bhfuil aon chuid den fhaisnéis a sholáthair an t-iarrthóir mícheart, déanfar an t-iarrthóir i gceist a dhícháiliú.**

I gcomhair tuilleadh faisnéise maidir leis an nós imeachta roghnúcháin, féach an Treoir d'Iarrthóirí ar shuíomh Gréasáin na Gníomhaireachta:
http://www.acer.europa.eu/The_agency/Working_at_ACER/Pages/FAQs-on-working-at-ACER.aspx

## 9. ACHOMHAIRC

De bhun Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, féadfaidh iarrthóir gearán a chur isteach faoi ghníomh atá ag déanamh dochair dó/di. Ní mór an gearán a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 3 mhí ón dáta ar tugadh fógra:

Oifigeach Acmhainní Daonna

An Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

Trg republike 3 – 1000 Liúibleána – an tSlóivéin

I gcás ina ndiúltaítear don ghearán de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de bhun Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, féadfaidh iarrthóir athbhreithniú breithiúnach ar an ngníomh a iarraidh. Ní mór an t-achomharc a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 3 mhí ón dáta ar tugadh fógra:

An Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh

Boulevard Konrad Adenauer

L-2925 Lucsamburg

Lucsamburg

Féadfaidh saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar a bhfuil cónaí i mBallstát gearán faoi mhíriarachán a dhéanamh de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ní mór an gearán a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas laistigh de dhá bhliain tar éis teacht ar an eolas faoi na fíricí ar a bhfuil an gearán bunaithe:

An tOmbudsman Eorpach

1 Avenue du Président Robert Schuman - BP 403

F-67001 Strasbourg Cedex

An Fhrainc

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman Eorpach ar an tréimhse a luaitear in Airteagal 90 agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh le haghaidh gearáin a dhéanamh nó achomharc a chur isteach de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.